An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge

## Miontuairiscí - Cruinniú 14 – 2 Bealtaine 2024

**LÁTHAIR:** Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

**DÁTA:** Déardaoin, an 2 Bealtaine 2024

**AM:** 14:00 – 16:45

**I LÁTHAIR:**

| Ainm | Eagraíocht | Ról | Modh |
|---|---|---|---|
| An Dr. Aodhán Mac Cormaic | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán | Cathaoirleach | Ar an Láthair |
| John Howlin | An Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe | Comhalta | Ar an Láthair |
| Elaine Bird | An Roinn Coimirce Sóisialaí | Comhalta | Ar an Láthair |
| An Ceannfort David Kelly | An Garda Síochána | Comhalta | Ar Chiancheangal |
| Sinéad Coleman | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | Comhalta | Ar an Láthair |
| Breandán Mac Craith | Foras na Gaeilge | Comhalta | Ar an Láthair |
| John Prendergast | Pobail Ghaeltachta | Comhalta | Ar Chiancheangal |
| Mairéad Ní Ghabháin | Pobail Teanga lasmuigh den Ghaeltacht | Comhalta | Ar an Láthair |
| Sadhbh Ó Cinnseala | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | Príomhoifigeach an Aonaid | Ar an Láthair |
| Emily Maloney | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | Rúnaí | Ar an Láthair |
| An Dr. Kerron Ó Luain | Ollscoil na Gaillimhe | Comhalta Taighde | Ar an Láthair (mír 4 & 5 amháin) |
| Colm Ó Cinnseala | Ollscoil na Gaillimhe | Comhalta Taighde | Ar an Láthair (mír 4 & 5 amháin) |

**IN EASNAMH LE LEITHSCÉAL:**

- Ní raibh Jim Molloy, ionadaí na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil, Eithne Fox, ionadaí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Mags Campbell, ionadaí na Roinne Oideachais, in ann freastal ar an gcruinniú.

## PRÍOMHCHINNTÍ TÓGTHA:

- Aontaíodh miontuairiscí an chruinnithe an 26 Eanáir 2024 agus an 23 Feabhra 2024 faoi seach;
- Aontaíodh go socrófaí dáta don chéad chruinniú eile den Choiste trí ríomhphost an tseachtain dar gcionn.

## PLÉ AR AN gCLÁR INA IOMLÁINE:

1. **Fáilte ón gCathaoirleach**:
   - Cuireadh tús leis an gcruinniú trí fháilte ar leith a chur roimh an gCeannfort David Kelly, ionadaí nua an Gharda Síochána ar an gCoiste Comhairleach.

2. **Miontuairiscí na gCruinnithe roimhe sin:**
   - Aontaíodh miontuairiscí chruinnithe an 26 Eanáir 2024 agus an 23 Feabhra 2024 faoi seach.

3. **Nithe atá tagtha chun cinn:**
   - Pléadh an obair atá déanta ón gcruinniú deireanach ar an taighde don Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge agus ar dhréachtú an Phlean go ginearálta.

4. **Cur i Láthair – Ollscoil na Gaillimhe:**
   - Cuireadh fáilte roimh fhoireann taighde Ollscoil na Gaillimhe. Thug siad uasdátú ar an taighde agus rinneadh plé ginearálta air sin ina dhiaidh sin.

5. **Forbairt an Phlean Náisiúnta:**
   - Leagadh amach agus pléadh na hamlínte chun an taighde a chríochnú agus chun an Plean Náisiúnta a chur faoi bhráid an Aire.

6. **Tráchtaireacht faoin gCoiste sna Meáin:**
   - Dúradh go raibh ailt éagsúla ábhartha sna meáin ón gcruinniú deireanach, mar seo a leanas:
     - Ailt dar dáta an 29 Feabhra 2024 ar ireland-live.ie agus RTÉ maidir le fógraíocht Ghaeilge a bheith ar fáil ó RTÉ RnaG don chéad uair.
     - Alt dar dáta an 4 Márta 2024 san Irish Times maidir le húsáid mhéadaithe na Gaeilge agus na deiseanna atá ar fáil leis an teanga.
     - Ailt dar dáta an 4 Márta 2024 san Irish Times agus an 6 Márta 2024 san Echolive.ie i dtaca le taighde a thaispeánann gur féidir le margaíocht Ghaeilge buntáiste iomaíoch a thabhairt do ghnólachtaí.
     - Alt dar dáta an 26 Márta 2024 ar Tuairisc.ie maidir leis an easpa teagmhála idir an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais agus na hinstitiúidí tríú leibhéal maidir le tuilleadh cúrsaí Gaeilge a chur ar fáil.

  - Ailt dar dáta an 3 Aibreán 2024 ar Tuairisc.ie agus an 23 Aibreán 2024 ar RTÉ maidir le liúntas Gaeltachta a thabhairt ar ais do mhúinteoirí agus do na Gardaí faoi seach.
  - Alt dar dáta an 8 Aibreán 2024 san Irish Times maidir le tosaíochtaí an Rialtais agus an borradh atá tagtha ar fhógraíocht trí Ghaeilge mar thoradh ar an Acht.
  - Ailt dar dáta an 8 Aibreán 2024 ar Independent.ie, an 23 Aibreán 2024 sa Waterford News & Star, an 24 Aibreán 2024 ar Waterford Live agus an 29 Aibreán 2024 ar Independent.ie maidir le hoifig phoist na nDeise a dhúnadh.
  - Ailt dar dáta an 10 Aibreán 2024 ar Tuairisc.ie, an 11 Aibreán 2024 ar RTÉ, agus an 16 Aibreán 2024 ar Tuairisc.ie le hAire nua Stáit na Gaeltachta agus tagairt don tábhacht a bhaineann le sprioc earcaíochta na reachtaíochta.
  - Alt dar dáta an 23 Aibreán 2024 ar postgrad.ie maidir le cúrsa nua MA sa Ghaeilge atá á fhorbairt ag Coláiste Mhuire gan Smál agus tagairt do riachtanais an Achta.
  - Alt dar dáta an 24 Aibreán 2024 ar Tuairisc.ie maidir leis an mbearna atá idir soláthar an ghaeloideachais agus an t-éileamh atá air agus an gá don Aire Oideachais gníomhú air ag tagairt go sonrach do sprioc earcaíochta na reachtaíochta.
  - Alt dar dáta an 25 Aibreán 2024 ar Tuairisc.ie maidir leis na caighdeáin teanga.
  - Alt dar dáta an 29 Aibreán 2024 san Irish Times maidir le hobair Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge agus tagairt do sprioc earcaíochta an Achta.
  - Alt dar dáta an 29 Aibreán 2024 san Irish Times maidir leis an nganntanas Gaelscoileanna dara leibhéal.

7. **Dáta don Chéad Chruinniú Eile**:
   - Aontaíodh go socrófaí dáta don chéad chruinniú eile den Choiste trí ríomhphost an tseachtain dar gcionn.

8. **Aon Ghnó Eile:**
   - Luadh an chéad tionól comhaltaí den Chomhghuaillíocht um Theicneolaíochtaí Teanga (ALT-EDIC) a bhí ar siúl i bPáras na Fraince le déanaí.
   - Luadh an ócáid a bhí ann an lá roimhe, an 1 Bealtaine 2024, do sheoladh Céad Míle Fáilte, tionscnamh teanga de chuid Chonradh na Gaeilge a dhíríonn ar an leas gur féidir le pobail nua-Éireannacha a bhaint as an nGaeilge - i dtaobh thábhacht na teanga, na ndeiseanna breise a bhaineann léi agus i dtaobh imeascadh le sochaí na hÉireann.



Rúnaí

27 Bealtaine 2024

Dáta Faofa